2026/701

24.3.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/701 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Márta 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(a) NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

(1) An 16 Feabhra 2022, d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ([2]) ('an Rialachán bunaidh').

(2) San imscrúdú a raibh sé mar thoradh air dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur ('an t-imscrúdú bunaidh'), cuireadh sampláil i bhfeidhm chun táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

(3) D'fhorchuir an Coimisiún rátaí dleachta frithdhumpála aonair idir 22,1 % agus 48,4 % ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach ('ceanglóirí' nó 'an táirge lena mbaineann') i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ón tSín. Na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne nár áiríodh sa sampla, cuireadh faoi réir ráta dleachta 39,6 % iad, arb é meánráta dleachta ualaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne é a bhfuarthas ina leith go raibh siad ag dumpáil. Liostaítear ainmneacha na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne nár áiríodh sa sampla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán bunaidh. Forchuireadh dleacht 86,5 % ar an leibhéal náisiúnta ar cheanglóirí ó chuideachtaí sa tSín nár chomhoibrigh leis an imscrúdú.

(b) IARRAIDH AGUS ANAILÍS

(4) Chuir an chuideachta Anhui Newshengda Precision Technology Co., Ltd. ('an t-iarratasóir') iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun an dleacht frithdhumpála le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte a fháil mar gheall ar a chaidreamh le Zhejiang New Shengda Fastener Co., Ltd., a áiríodh mar tháirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch neamhshampláilte sa Rialachán bunaidh.

(5) Sholáthair an t-iarratasóir faisnéis a léiríonn gurb é Zhejiang New Shengda Fastener Co., Ltd. a phríomh-scairshealbhóir.

(6) Thairis sin, sholáthair an t-iarratasóir a cheadúnas gnó, lena ndeimhnítear gur bunaíodh é i mí an Mheithimh 2022, i.e. tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh a lean ón 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún nárbh fhéidir le Zhejiang New Shengda Fastener Co., Ltd. an t-iarratasóir a thuairisciú mar chuideachta comhlachaithe nuair a rinneadh an cleachtadh samplála san imscrúdú bunaidh.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 36, 17.2.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/191/oj).

(7) Ina theannta sin, thug an t-iarratasóir faisnéis go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach den táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas.

(8) Ós rud é go raibh an dleacht is infheidhme maidir leis an eintiteas Zhejiang New Shengda Fastener Co., Ltd. bunaithe ar mheán na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, ní athraíonn cuimsiú an iarratasóra torthaí an Choimisiúin ina leith sin. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí go dtiocfaidh an dleacht frithdhumpála ar onnmhairí Zhejiang New Shengda Fastener Co., Ltd. chun bheith infheidhme maidir le honnmhairí an iarratasóra.

(9) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán bunaidh a leasú trí Anhui Newshengda Precision Technology Co., Ltd. a chur leis mar tháirgeoir onnmhairiúcháin atá comhlachaithe le Zhejiang New Shengda Fastener Co., Ltd., a liostaítear faoi chód breise TARIC C853.

(c) **NOCHTADH**

(10) Cuireadh an t-iarratasóir, tionscal an Aontais, agus páirtithe leasmhara eile ar an eolas faoi na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha ar a measadh gurbh iomchuí an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán bunaidh a leasú trí Anhui Newshengda Precision Technology Co., Ltd. a chur leis mar tháirgeoir onnmhairiúcháin atá comhlachaithe le Zhejiang New Shengda Fastener Co., Ltd., a liostaítear faoi chód breise TARIC C853.

(11) An cód breise TARIC C853, cód nár sannadh roimhe seo ach do Zhejiang New Shengda Fastener Co., Ltd., ba cheart feidhm a bheith aige freisin maidir le Anhui Newshengda Precision Technology Co., Ltd.

(12) Tugadh an deis do na páirtithe barúlacha a chur isteach. Ní bhfuarthas aon bharúlacha.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 mar a leanas:

‘Daon-Phoblacht na Síne	Zhejiang New Shengda Fastener Co., Ltd.	C853’

a ionadú leis an méid seo a leanas

‘Daon-Phoblacht na Síne	Zhejiang New Shengda Fastener Co., Ltd. Anhui Newshengda Precision Technology Co., Ltd.	C853’

Airteagal 2

An cód breise TARIC C853, cód nár sannadh roimhe seo ach do Zhejiang New Shengda Fastener Co., Ltd., beidh feidhm aige freisin maidir le Zhejiang New Shengda Fastener Co., Ltd. agus le Anhui Newshengda Precision Technology Co., Ltd.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN